Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2019 (OR. en)**

**10368/1/19 REV 1**

**AGRI 306**
**VETER 36**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9571/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbithshlándáil, coincheap foriomlán lena ngabhann cur chuige aonadach maidir le sláinte ainmhithe a chosaint san Aontas<br>*- Conclúidí ón gComhairle (18 Meitheamh 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a ghlac an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Meitheamh 2019.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir leis an mbithshlándáil, coincheap foriomlán lena ngabhann cur chuige aonadach maidir le sláinte ainmhithe a chosaint san Aontas**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) MEABHRAÍTEAR DI gur féidir iarmhairtí tromchúiseacha, idir eacnamaíocha agus shóisialta, teacht as ráigeanna de ghalair in-tarchurtha, ós galair iad a chuireann isteach ní hamháin ar an talmhaíocht agus ar an trádáil ach a mbíonn earnálacha eile thíos leo freisin, an turasóireacht mar shampla. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás na ngalar ainmhithe trasteorann, amhail an galar crúb agus béil agus fiabhras Afracach na muc, a d'fhéadfadh leathadh go fíorghasta, gan bheann ar theorainneacha náisiúnta, agus, i gcás galair ainmhithe thrasteorann zónóiseacha, mar shampla cineálacha áirithe den fhliú éanúil ardphataigineach, a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol tromchúiseach freisin do shláinte an duine.

(2) Ionas go laghdófar tionchair dhiúltacha na ngalar ainmhithe trasteorann, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart gach iarracht a dhéanamh gan iad a ligean isteach ar chríoch an Aontais, nó, i gcás ina bhfuil siad ann cheana féin, a leathadh a chosc agus deireadh a chur leo.

(3) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, CUIREANN SÍ ról na bithshlándála I dTREIS, ar cheart í a thuiscint ní hamháin mar an mbainistiú nithiúil agus na bearta fisiceacha lena bhféachtar le riosca na ngalar ainmhithe trasteorann a laghdú ar leibhéal na feirme, ach mar choincheap níos leithne, mar atá, cur chuige straitéiseach iomlánaíoch chun rioscaí ábhartha a bhainistiú.

(4) IS MÓR AICI obair sheanbhunaithe rathúil na mBallstát agus an Choimisiúin chun dul i ngleic le galair ainmhithe thrasteorann.

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis imní di, an baol leanúnach atá ann, ainneoin na n-iarrachtaí ar fad, go dtiocfaidh galair ainmhithe thrasteorann d'ionradh isteach sna Ballstáit, bíodh sé sin den chéad uair nó in athuair, ó thríú tíortha comharsanachta agus ó chríocha comhpháirtithe trádála de chuid an Aontais, agus dá bhrí sin CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá a bheith airdeallach agus iarrachtaí leanúnacha spriocdhírithe a dhéanamh chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú.

(6) Dá thoradh sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le cumas cosanta leordhóthanach a áirithiú i gcoinne galair ainmhithe thrasteorann ag na pointí iontrála ábhartha ag a dtagann ainmhithe agus earraí isteach san Aontas.

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir le galair ainmhithe thrasteorann teacht isteach agus leathadh ní hamháin de bhíthin gluaiseacht ainmhithe ach, lena chois sin, de bhíthin earraí nó modhanna iompair ionfhabhtaithe, fiú as áiteanna i bhfad i gcéin.

(8) MEABHRAÍTEAR DI freagracht na n-oibreoirí agus na ngairmithe ainmhithe uile, lena n-áirítear iompróirí, leathadh na ngalar ainmhithe trasteorann a éiríonn as a gcuid gníomhaíochtaí a laghdú agus CUIREANN SÍ I dTREIS go háirithe gur ar na hoibreoirí atá an phríomhfhreagracht maidir le bearta bithshlándála a chur i gcrích.

(9) MEABHRAÍTEAR DI go mbíonn tionchar ag galair ainmhithe thrasteorann ar phobail ainmhithe fiáine agus ar an ábhar sin gur féidir le ról tábhachtach a bheith ag gníomhaithe ar nós fiagaithe, lucht faire éan agus eagraíochtaí bainistithe foraoise agus eagraíochtaí cosanta dúlra maidir le brath agus rialú na ngalar sin.

(10) LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le faisnéis a roinnt agus ar an ngá le comhar idir na gníomhaithe ábhartha ar fad, bíodh siad poiblí nó príobháideach.

(11) Mar gheall ar an méid thuasluaite, CUIREANN SÍ I DTREIS a thábhachtaí atá sé cur chuige comhtháite maidir leis an mbithshlándáil a bheith ann, agus go mbeidh na hearnálacha ábhartha uile páirteach i gcomhar lena chéile ann.

(12) ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá oiliúint a chur ar na geallsealbhóirí ábhartha agus ar an bpobal i gcoitinne chun iad a chur ar an eolas faoin riosca go ndéanfaidís galair ainmhithe thrasteorann a leathadh trí mheán a gcuid gníomhaíochtaí féin, agus gur gá meon agus iompar a chothú iontu lena laghdófaí an riosca sin.

(13) MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé go mbeadh coincheap comhtháite den bhithshlándáil ann ó thaobh an pobal i gcoitinne a chosaint ar ghalair ainmhithe thrasteorann agus AITHNÍONN SÍ go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha de dhíth má táthar lena háirithiú go bhfeidhmeoidh an bhithshlándáil sin mar is ceart agus go héifeachtúil, ar an ábhar gur fearr infheistiú sa chosc ná sa leigheas.

(14) IS DÍOL SÁSAIMH DI agus MOLANN SÍ an comhar leanúnach agus an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus í ag meabhrú nach ionann, i ngach cás, déine brú an ionfhabhtaithe ar na Ballstáit éagsúla de thairbhe a suímh gheografaigh agus fachtóirí eile, ach gur ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine i gcónaí atá sé galair ainmhithe thrasteorann a chosc agus a rialú ar bhealach éifeachtach.

**IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

(15) Comhordú agus comhar na n-earnálacha ábhartha go léir A CHUR CHUN CINN AGUS A ÉASCÚ chun teacht isteach agus leathadh galair ainmhithe thrasteorann a chosc sna Ballstáit agus ó Bhallstát amháin go ceann eile, ionas go neartófar cur chuige idirearnálach agus comhtháite maidir leis an mbithshlándáil;

(16) Cumas bithshlándála leordhóthanach A ÁIRITHIÚ ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

(17) Bailiú, tiomsú agus comhroinnt na sonraí eipidéimeolaíocha maidir le galair ainmhithe thrasteorann A CHUR CHUN CINN AGUS TACÚ leis an obair sin ionas go n-aithneofar na bealaí a dtagann galair ainmhithe thrasteorann isteach agus trína leatar iad agus go bhfeabhsófar na modhanna chun iad a dhíothú agus a chosc.

(18) Na bealaí iomchuí A AITHINT le riosca an fhachtóra dhaonna a mhaolú go fadtéarmach AGUS TACÚ leis an maolú sin, lena n-áirítear trí fheachtais chuí le haghaidh treoracha cumarsáide agus le haghaidh feasachta atá dírithe ar na geallsealbhóirí uile (gairmithe, taistealaithe, fiagaithe, tomhaltóirí) agus an pobal i gcoitinne;

(19) Dreasachtaí agus acmhainní airgeadais a SHAINAITHINT AGUS A CHUR AR FÁIL mar spreagadh agus mar thacaíocht chun na gnéithe agus na gníomhaíochtaí riachtanacha de choincheap comhtháite den bhithshlándáil a chur chun feidhme, coincheap arna bhunadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

---